Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13612/25**

**PECHE 304**
**DELACT 145**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6621 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.10.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 a mhéid a bhaineann le maoluithe ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinníní gorma aonair a chinneadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6621 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6621 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
C(2025) 6621 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 a mhéid a bhaineann le maoluithe ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinnníní gorma aonair a chinneadh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é cuspóir an rialacháin tharmligthe Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú chun na hathruithe is déanaí ar Mholadh 21-18 ó ICCAT maidir le cur i bhfeidhm an chórais leictreonaigh maidir le Doiciméid um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG) a chur chun feidhme. Glacadh na hathruithe i bhfoirm molta[2] ag an 24ú cruinniú speisialta den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) i mí na Samhna 2024.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2023/2833, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú maidir leis an dréachtrialachán.

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3], cuireadh an rialachán tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 leis an rialachán tarmligthe ar an gcaoi seo a leanas:

Scriostar spriocdhátaí an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(5), agus déantar maolú buan den mhaolú, *de facto*.

---

[1] Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (IO L, 2023/2833, 20.12.2023), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj.

[2] Moladh 24-16 ó ICCAT lena leasaítear moladh 22-16 lena leasaítear moladh 21-18 i ndáil le cur i bhfeidhm an chórais leictreonaigh maidir le Doiciméid um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm. https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2024-16-e.pdf.

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 a mhéid a bhaineann le maoluithe ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinníní gorma aonair a chinneadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010[4], agus go háirithe Airteagal 14(1)(e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas, ós rud é go ndearna sé an t-aontachas do Choinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[5].

(1) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. Tá bearta den sórt sin ina gceangal ar an Aontas.

(2) Ó glacadh Rialachán (AE) 2023/2833, tá moladh 24-16[6] i ndáil le cur i bhfeidhm an chláir leictreonaigh maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm glactha ag ICCAT ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024. Áirítear i Moladh 24-16 ó ICCAT forálacha lena ndéantar maoluithe buana de mhaoluithe sonracha ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinníní gorma aonair a chinneadh, i bhfianaise an ualaigh riaracháin iomarcaigh agus na ndifríochtaí ó thaobh cóireála de a eascraíonn as na ceanglais sin maidir le bailíochtú.

(3) Thairis sin, le Moladh 24-16 ó ICCAT, maidir leis an modh lena gcinntear laistigh den Aontas, garmheáchan iasc aonair laistigh den ghabháil a luaithe a dhíluchtaítear í, tugtar an modh sin i gcomhréir leis na cleachtais atá ann faoi láthair, ós rud é go

---

4 Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (IO L, 2023/2833, 20.12.2023), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj.

5 Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

6 Moladh 24-16 ó ICCAT. https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2024-16-e.pdf.

ndéantar gach iasc a thugtar i dtír a mheá agus nach bhfuil gá le sampláil chun meánmheáchan tuinníní gorma aonair a thugtar i dtír a chinneadh.

(4) Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2833 a leasú dá réir sin.

(5) Ós rud é go mbíonn tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2023/2833**

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(4):

> ‘4. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme an mhaolaithe sin. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoin bhfíorú a dhéanfaidh na Ballstáit dá bhforáiltear in Airteagal 9, faisnéis faoi thorthaí an fhíoraithe sin agus sonraí faoi na himeachtaí trádála lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis staidrimh ábhartha, amhail an méid tuinníní gorma agus líon na dtrádálacha a chumhdaítear leis an maolú sin.’;

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(5):

> ‘5. De mhaolú ar mhír 4, pointe (b)(v), den Airteagal seo, i gcás an iascaigh sin atá faoi réir na maoluithe i ndáil le híosmhéid tagartha caomhnaithe faoi Rialachán (AE) 2023/2053, féadfaidh na Ballstáit, ina ionad sin, garmheáchan iasc aonair laistigh den ghabháil a sholáthar a luaithe a dhíluchtaítear í, agus cinnfear an meáchan sin trí mheánluach mheáchan iomlán na ngabhálacha a thugtar i dtír a ríomh i gcoibhneas leis an líon iasc aonair trí chéile.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*